


# AG FIACH COINÍNÍ



## Pictiúr: Radharc:

Seán, Micheál agus Reics ag dul ag fiach coiníní; coinín ramhar, Reics ag rith i ndiaidh an choinín, a chur sa chiorcal cainte de réir bhriú na cainte. An coinín istigh ina pholl, Reics le hais an phoill, na buachaillí ag dul abhaile go brónach.

Céim 4. Ag bearradh gruaige, ag sábháil féir.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

## CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

### Cuntas Reatha

Bhí lá saoire ag na buachaillí. D'iarr Seán ar a chara dul ag fiach coiníní. Thug siad Reics leo. Tháinig siad go dtí páirc mhór.

### Agallamh

**SEÁN:** Chonaic mé coiníní sa pháirc seo inné.

**MICHEÁL:** Isteach linn, mar sin.

**SEÁN:** Ó! féach an coinín breá ramhar.

**MICHEÁL:** Lean é, a Reics.

### Cuntas Reatha

Rith Reics ina dhiaidh. Ach bhí an coinín róghlic dó. D'imigh sé isteach ina pholl. Níor fhéad (Níor bhféidir le) Reics breith air. Bhí brón ar na buachaillí bochta ag dul abhaile gan choinín.

## CÉIM 2. AITHRIS

## CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Bhí na buachaillí ar scoil?

Céard a d'iarr Seán ar a chara?

Agus céard faoi Reics?

Tháinig siad go dtí abhairn mhór, is dócha?

Tusa Seán, chonaic tú rud éigin anseo inné.

Céard a deir tusa, a "Mhichíl"?

Feiceann tusa rud éigin, a "Sheáin".

Abair le Reics rith ina dhiaidh, a "Mhichíl".

Céard a rinne Reics?

Céard faoin gcoinín?

Cá ndeacaigh sé?

Rug Reics air, is dócha?

Bhí áthas ar na buachaillí ag dul abhaile dóibh?

## CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLÁÍ AGUS FOCLÓRA

1. D'iarr Seán ar a chara dul ag fiach coiníní.

(bearr/gruaig; cíor/gruaig; deisigh/rothar; sábháil/an féar).

Páistí a mhealladh le cabhair geáitsíochta chun an abairt "D'iarr Seán ar a chara....." a chríochnú ar bhealaí éagsúla.

2. Cleachtaí a bhunú ar  
ina dhiaidh; ina diaidh. i mo dhiaidh; i do dhiaidh; ina ndiaidh;
3. Bhí an coinín róghlic.  
(na milseáin/daor; scéal/gearr; oíche/dorcha; bóthar/fada;  
páiste/dána; málá/trom).
4. D'imigh an coinín isteach ina pholl.  
(gach lá; anois; amárach; níor, ar? inné; ní, an? gach lá; ní, an?  
amárach).
5. Bhí brón ar na buachaillí mar.....  
(áthas; eagla; ionadh; fearg, etc.).  
Na páistí a mhealladh chun an abairt a chríochnú ar bhealach cuí.

## CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Chuaigh Reics isteach i bpoll an choinín agus níor fhéad sé  
teacht amach arís. An scéal á insint ag Seán agus Micheál  
d'athair Sheáin.
3. Buachaillí éagsúla ag cur síos ar an lá a chuaigh siad féin ag  
fiach (nó ag iascaireacht).
4. An coinín ag insint an scéil.
5. Tharla timpiste do Sheán nó do Micheál nuair a bhí siad ag  
fiach. Dráma a bhunú ar an scéal.

## Rann Ceoil (An ceol ar théip)

I

Bhí Reics is Seán is Micheál  
Ag fiach coinín lá,  
Nuair 'chonaic siad coinín breá ramhar  
Is é 'na shuí sa pháirc.

II

Rith Reics 'na dhiaidh go gasta,  
Ach bhí sé pas beag mall,  
Mar bhí an coinín roghlic dó,  
Is rith sé 'steach 'na pholl.

## COMHRÁ MÍFHOIRMIÚIL

### A

An bhfuil peata coinín agat?  
Cá bhfuair tú é?  
Cén dath atá air?  
Céard (Cad) a itheann sé?  
Céard (Cad) a ólann sé?  
Cathain (Cén uair) a bhíonn tú ag súgradh leis?  
An mbíonn sé ag súgradh leis an gcat/leis an madra?  
Cá mbíonn sé gach lá?  
Cá mbíonn sé san oíche?  
Céard (Cad) a dhéanann tú leis nuair a bhíonn tú ag dul ar do  
laethanta saoire?

### B

Druileanna a dhéanamh ar chuid de na briathra seo a leanas san  
Aimsir Ghnáthláithreach:

**Tar, Scríobh, Glaogh, Téigh, Faigh, etc.**  
Céard é an chéad rud a dhéanann tú nuair a **thagann** tú ar scoil gach  
lá?

Inis dom faoi gach rud eile a **dhéanann** tú i rith an lae.  
(m.sh. **Léim** mo leabhar Gaeilge: **Scríobhaim** aiste Bhéarla;  
**Déanaim** ceisteanna Matamaitice; **Deirim** píosa filíochta; **Téim**  
amach sa chlós, etc.).

Céard é an t-ábhar **is fearr** leat?  
Céard é an t-ábhar nach **dtaitníonn** leat?  
Cén t-am a **dtéann** tú amach ag súgradh?  
Cén t-am a **dtagann** tú isteach arís?  
Cén t-am a **dtéann** tú abhaile?  
An **bhfaigheann** tú obair bhaile? etc.